# Bileog – briseadh suas Sam agus Jordan

Tá Sam agus Jordan sa scoil chéanna ón gcéad bhliain agus bhí siad ag cliúsaíocht lena chéile i gcónaí, ach ní raibh siad lena chéile go dtí cóisir na Sraithe Sóisearaí. Tá siad ag dul amach lena chéile ar feadh níos mó ná trí mhí.

Tá an-áthas ar **Sam** ag dul amach le Jordan. Tá dúil acu ina chéile agus réitíonn Jordan go maith le cairde Sam. Le déanaí, ní raibh Jordan thart chomh minic céanna, ach bhí an bheirt acu gnóthach le rudaí éagsúla don Idirbhliain. Tá lá breithe Jordan ag teacht aníos agus tá Sam ag iarraidh teacht ar an mbronntanas is fearr – rud éigin a thugann le fios go bhfuil Jordan 'speisialta' gan dul thar fóir.

Níl **Jordan** chomh sásta céanna sa chaidreamh. Ceapann cairde Jordan go bhfuil Sam dathúil, ach níl Jordan an-tógtha le Sam níos mó agus cuireann an méid ama a chaitheann Sam ag caint faoi leabhair agus scannáin ficsean eolaíochta isteach ar Jordan; rudaí nach dtaitníonn le Jordan. Ba mhaith le Jordan a bheith singil arís agus dul amach le cairde níos minice. Tá lá breithe Jordan ag teacht aníos agus is é an plean ná briseadh suas le Sam sula gceannaíonn Sam bronntanas lá breithe do Jordan. Bheadh sé níos deacra fós deireadh a chur leis an gcaidreamh tar éis do Sam bronntanas a cheannach.

